Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 1 Feabhra 2016
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2014/0108 (COD)**

5558/16
ADD 1

CODEC 74
ENT 16
MI 35
ECO 7
SOC 39
CONSOM 12
IND 12

**NÓTA ÍTIME "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le trealamh cosanta pearsanta agus lena n-aisghairtear Treoir 89/686/CEE ón gComhairle **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh (**GR + R**) |

**Ráiteas ón gCoimisiún**

Maidir le hAithris 52 agus leis an deis cuireadh a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa teacht chuig cruinnithe ghrúpaí na saineolaithe, cuirfidh an Coimisiún an aithris sin chun feidhme i gcomhréir lena chleachtas i gcur chun feidhme Phointe 15 den Chreat-Chomhaontú maidir leis an gcaidreamh idir Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún Eorpach. Eisiatar go sainráite cruinnithe an Choiste Coisteolaíochta faoin socrú sin. Maidir leis an tagairt do sháruithe san aithris chéanna, measann an Coimisiún go bhfuil an méid sin míthreorach toisc go bpléitear imeachtaí maidir le sáruithe leis na Ballstáit i gcomhthéacs na nósanna imeachta a leagtar amach faoi Airteagal 258 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

Is oth leis an gCoimisiún gur glacadh Aithris 51 agus Airteagal 44(5) rud a chruthaíonn mearbhall agus éiginnteacht dhlíthiúil agus a d'fhéadfadh cur as do chothromaíocht institiúideach.
Is le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011, a glacadh ar bhonn Airteagal 291(3) CFAE, agus leis an Rialachán sin amháin, a shainmhínítear ról na gCoistí Coisteolaíochta a áirithíonn rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún. Dá bharr sin, ní féidir, trí aon ghníomh reachtach tánaisteach eile an ról sin a athrú ná ní bheadh gá le haon ghníomh reachtach tánaisteach eile chun an ról sin a shainiú tuilleadh. Go háirithe, níor cheart do na Coistí Coisteolaíochta feidhmeanna Ghrúpaí Saineolaithe an Choimisiúin a chomhlíonadh.
Ina theannta sin, glacann na coistí rialacha nós imeachta na gcoistí ar bhonn Rialachán (AE) Uimh. 182/2011. Mar sin, tá siad le cur i bhfeidhm tráth a bhfeidhmíonn an Coiste a ról, mar a shainmhínítear le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 é. Aon tagairt a dhéantar do rialacha nós imeachta lasmuigh den chomhthéacs sin, tá sé iomarcach agus míchuí. Tá an baol ann freisin go gcuirfí cor i bhfeidhmiú an choiste.

**Ráiteas ón Ríocht Aontaithe**

Is díol sásaimh don Ríocht Aontaithe na gnéithe sin den reachtaíocht lena simplítear bearta an Mhargaidh Aonair atá ann cheana trí phrionsabail an Chreata Nua Reachtaíochta a ailíniú, chomh maith leis na gnéithe sin lena gcuirtear deireadh le ceanglais throma a bhaineann le roinnt de na sonraí. Is díol mór sásaimh dúinn na feabhsuithe a rinneadh le linn na caibidlíochta lena áirithiú nach dtagann láimhíní níocháin tí faoin raon feidhme. Mar sin féin, ní thacaíonn an Ríocht Aontaithe le láimhíní oighinn a úsáidtear sa teach a chur faoi cheanglais an Rialacháin. Feictear dúinn gur idirghabháil dhíréireach nach bhfuil bonn cirt léi atá sa mhéid sin agus nach bhfuil sé i gcomhréir le clár oibre an Choimisiúin maidir le rialáil níos fearr ná lena fhís an Margadh Aonair a chur in oiriúint do ghnó agus do thomhaltóirí – fís atá ag an Ríocht Aontaithe chomh maith.